2026/1102

26.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1102 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Bealtaine 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128 lena socraítear an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128 ón gCoimisiún ([2]) an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) le haghaidh na mblianta airgeadais 2021 go 2027.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2021/2116, is iad na huasmhéideanna atá socruithe i leith na fo-uasteorann le caiteachas a bhaineann leis an margadh agus le híocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([3]) a bheidh san uasteorainn bhliantúil do chaiteachas CERT.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 103(1), pointe (a), Airteagal 103(2) agus Airteagal 103(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), chinn roinnt Ballstát ina bPlean Straitéiseach CBT athbhreithniú a dhéanamh ar chéatadán áirithe dá leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2026 a aistriú chuig a leithdháiltí ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 103(1), pointe (b), Airteagal 103(3) agus Airteagal 103(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, chinn roinnt Ballstát ina bPlean Straitéiseach CBT athbhreithniú a dhéanamh ar chéatadán áirithe dá leithdháiltí ó CETFT i leith na bliana airgeadais 2027 a aistriú chuig a leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha.

(5) Leithdháiltí ábhartha na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, chomh maith leis an miondealú bliantúil de réir Ballstáit ar an tacaíocht ón Aontas d'fhorbairt tuaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin, rinneadh iad a oiriúnú dá réir sin trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1 ón gCoimisiún ([5]).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093, tá an fho-uasteorainn le caiteachas a bhaineann leis an margadh agus le híocaíochtaí díreacha de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin le coigeartú faoin gcoigeartú teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Rialachán sin tar éis na n-aistrithe idir CETFT agus íocaíochtaí díreacha.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 lena socraítear an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (IO L 40, 4.2.2021, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/128/oj).
([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leithdháiltí na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus an miondealú bliantúil in aghaidh an Bhallstáit ar an tacaíocht ón Aontas don fhorbairt tuaithe (IO L, 2026/1, 6.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/1/oj).

(7) Is gá, dá bhrí sin, an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT i leith 2027 mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128 a choigeartú. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na méideanna a chuirtear ar fáil do CETFT agus na méideanna a aistrítear ó CETFT a léiriú freisin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT

(EUR milliún)

Bliain airgeadais	Méideanna a chuirtear ar fáil do CETFT		Méideanna a aistrítear ó CETFT	Athrú tar éis an athbhreithnithe meántéarma ar CAI mar a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle [1]	An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT
	Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2]	Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013	Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013		
2021	1 099,539	58,165	600,658		40 367,954
2022	1 086,292	57,919	525,400		40 638,189
2023	1 277,253	55,858	507,322		40 692,211
	Airteagal 103(1), pointe (a), agus Airteagal 103(2) de Rialachán (AE) 2 021/2 115	Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) 2 021/2 115	Airteagal 103(1), pointe (b), agus Airteagal 103(3) de Rialachán (AE) 2 021/2 115		
2024	1 632,136	5,000	590,214		40 602,078
2025	1 702,286	5,000	590,214	- 136,000	40 528,928
2026	1 807,987	5,000	590,214	- 149,000	40 541,227
2027	1 933,963	5,000	637,456	- 155,000	40 590,493

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1307/oj).'